Gaelscoil Bhrian Bóroimhe,
Coill na nÚll,
Sord,
Co. Átha Cliath

Fón: 8902799

Faics: 8700044

U.R. 20095C

Scoil Idirchreidmheach

Suíomh Idirlín: www.gsbb.ie ***Ríomhphost:oifig@gsbb.ie***

30-03-17

A thuismitheoirí/chaomhnóirí, a chairde,

Go raibh maith ag gach éinne a d'íoc as ticéid don cheolchoirm. Iarrtar ar gach éinne eile an t-airgead a sheoladh isteach gan mhoill don 4ú/5ú Aibreán. Ní bheidh ticéid ar díol ag an doras ar an oíche. / ***Thank you to everyone who purchased concert tickets. Please make sure you have bought your tickets in advance for the 4/5th April as tickets will not be on sale on the night.***

Tá liosta laethanta saoire don bhliain seo chugainn ar shuíomh idirlín na scoile. ***/ Next year's school holidays have been posted on www.gsbb.ie.***

Comhghairdeas le páistí rang 2, Aedín & Emma a ghlac le Sacraimint an Athmhuintearais, Dé Máirt, an 21-03-17. Bhí siad ar fheabhas. / ***Congratulations to the children in Rang 2, Aedín & Emma who took part in the Sacrament of Reconciliation last Tuesday, the 21-03-17. They were great.***

Comhghairdeas le Rang 4, Gormlaith, as dul ar aghaidh go Craobh na hÉireann san Fhéile Scoildrámaíochta ar an 26-04-17 sa Mhuileann gCearr ag 11.15rn. ***/ Congratulations to Rang 4, Gormlaith, on making it through to the all-Ireland stage of an Fhéile Scoildrámaíochta to be held in Mullingar on Wednesday, the 26-04-17 at 11.15am.***

Comhghairdeas le foireann peile shinsireach na mbuachaillí a bheidh ag imirt sa chraobh i bPáirc Pharnell ar an 16ú nó 18ú Bealtaine. / ***Congratulations to the boys' senior football team who will be playing in the final in Parnell Park on May 16th or 18th.***

Go n-éirí leis na páistí sa rith trastíre deireanach i mbliana a bheidh ar siúl Dé Máirt, an 4-04-17, i Seantrabh. Beidh traenáil Dé Luain, an 03-04-17. / ***We wish our cross-country runners the very best on their last run-out this year, on Tuesday, the 04-04-17, in Santry. The last training session takes place on Monday, the 03-04-17.***

Iarrtar ar dhaoine gan páirceáil riamh san áit do 'Thuirlingt Amháin'. Ní féidir le busanna tarraingt isteach amantaí. / ***Please do not park in the Set Down area. Buses are unable to pull in from time to time.***

Beidh an banna ceoil SEO LINN ag teacht chun na scoile chun popamhráin a chanadh trí Ghaeilge dos na ranganna go léir, ar an Aoine, an 07-04-17. Iarrtar ar na páistí €3 an duine a sheoladh isteach roimh ré chun cabhrú le costaisí a chlúdach. / ***The band SEO LINN will be performing current hits all as Gaeilge for the children on Friday, the 07-04-17. The children are asked to bring in €3 each to help cover the cost.***

Le meas,

Séamus Seaghach (Príomhoide)